



Coimisiún na Scrúduithe Stáit State Examinations Commission

Scéimeanna Marcála
Gaeilge

Scrúduithe Ardteistiméireachta, 2007
Ardleibhéal

Marking Scheme
Irish

Leaving Certificate Examination, 2007
Higher Level

SCRÚDUI THE TEISTIMÉIREACHTA, 2007

GAEILGE

ARDTEISTIMÉIREACHT, ARDLEIBHÉAL

SCÉIM MHARCÁLA

PÁIPÉAR I (170 marc)

CEIST 1

- CEAPADÓIREACHT -

100 marc

- (a) Ionramháil Ábhair = 20 marc
{
(b) Cumas Gaeilge = 80 marc } 20 + 80 = 100

[Cumas Gaeilge = (i) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra, móide
(ii) cruinnúsáid na bpríomhghnéithe de cheart na Gaeilge.]

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir Cúnta an marc a bhronntar as 20 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta .

AN CHEAPADÓIREACHT

Gnéithe a bhaineann leis an marcáil

Cé go bhfuil dhá roinn (cumas Gaeilge agus ionramháil ábhair) ag baint leis an gcóras marcála atá ag gabháil leis an gCeapadóireacht, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra mar aonad.

Cumas Gaeilge (80marc) = (1) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra móide
(2) cruinnúsáid na bpríomhghnéithe de cheart na Gaeilge.

[Príomhghnéithe na Gaeilge = gramadach*, comhréir*, struchtúr, deilbhíocht]

*Agus na mórbotúin á “marcáil” le peann dearg níor mhór go mbeifí in ann an difríocht a aithint idir botúin mhóra chomhréire agus mionbotúin ghramadaí.

Aicme	Grád/Grádraon	(1) Stór Gaeilge + (2) Cruinnúsáid
<hr/>		
A		
(1) Fairsinge agus Saibhreas an-mhaith ar fad-sármhaith	A ard A meánach	76-80 marc 72-75 marc
(2) Cruinneas an-mhaith ar fad- sármhaith (den chuid is mó)	A íseal	68- 71 marc
<hr/>		
B		
(1) Fairsinge agus Saibhreas an-mhaith	B ard B meánach	64-67 marc 60-63 marc
(2) Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó)	B íseal	56-59 marc
<hr/>		
C		
(1) Fairsinge agus Saibhreas maith	C ard C meánach	52-55 marc 48-51 marc
(2) Cruinneas maith (den chuid is mó)	C íseal	44-47 marc
<hr/>		
D		
(1) Fairsinge agus Saibhreas measartha	D ard D meánach	40-42 marc 36-39 marc
(2) Cruinneas measartha (den chuid is mó)	D íseal	32-35 marc
<hr/>		
E		
(1) Fairsinge agus Saibhreas lag	E ard E meánach	28-31 marc 24-27 marc
(2) Cruinneas lag (den chuid is mó)	E íseal	20-23 marc
<hr/>		
F agus N/G		
(1) Fairsinge agus Saibhreas an-lag	F ard F meánach	16-19 marc 12-15 marc
(2) Cruinneas an-lag	F íseal N/G ard N/G íseal	8-11 marc 4-7 marc 0-3 marc

Ionramháil Ábhair (20 marc)

Ba cheart tagairt a dhéanamh do chumas Gaeilge agus an roinn seo á meas. Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe, bíonn coibhneas i gcónaí idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Má bhíonn an chóir iompair fabhtach ní éireoidh leis an iarrthóir na smaointe a chur in iúl agus caillfear éifeacht na smaointe. Bíonn sé deacair na smaointe a aimsiú má bhíonn an Ghaeilge lag nó lochtach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe a ionramháil is tábhachtaí ó thaobh ghrádú na ceapadóireachta de.

Aicme	Grád	Marc
Ionramháil an-mhaith ar fad → sármhaith	<u>A</u>	17, 18, 19, 20 marc
Ionramháil an-mhaith	<u>B</u>	14, 15, 16 marc
Ionramháil mhaith	<u>C</u>	11, 12, 13 marc
Ionramháil mheasartha	<u>D</u>	8, 9, 10 marc
Ionramháil lag	<u>E</u>	5, 6, 7 marc
Ionramháil an-lag	<u>F/NG</u>	0, 1, 2, 3, 4 marc

CEIST 2

- LÉAMHTHUISCIINT -

70 marc

A (35 mharc)

- (i) (a) An aidhm a bhí leis an taispeántas seo = 3 mharc
(b) An rud atá suntasach faoin taispeántas seo = 4 mharc
- (ii) (a) An fáth gur príosúnach í San Suu Kyi? = 3 mharc
(b) An tionchar ag eachtraí 9/11 ar chás Suu Kyi = 4 mharc
- (iii) (a) A bhfuil ar siúl ag seirbhísí rúnda Mheiriceá = 3 mharc
(b) An fhianaise nach bhfuil pobal Mheiriceá ag tacú leis an Uachtarán = 4 mharc
- (iv) (a) An fáth nach gcuireann daoine suim in obair Amnesty = 3 mharc
(b) Na slite a gcuireann fórsaí Mheiriceá le sceimhlitheoireacht = 4 mharc
- (v) (a) An dá rud a fheictear sna portráidí = 3 mharc
(b) Cén cheist a théann go smior? = 4 mharc
- 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 = 35 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 – 3 mharc a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

B (35 mharc)

- (i) (a) An t-ábhar a bheidh á phlé ag an údar leis na príosúnaigh = 3 mharc
(b) An léargas a thugann an nath sin ar mheon na Meiriceánach. = 4 mharc
- (ii) (a) An tslí a léiríonn na príosúnaigh go bhfuil siad éirimiúil = 3 mharc
(b) Dhá fháth nach bhfuil an t-údar sásta breith a thabhairt = 4 mharc
- (iii) (a) An rian a d'fhág na hÉireannaigh ar an gceantar = 3 mharc
(b) Dhá rud mhaslacha a bhí ag Hawthorne ina chuntas = 4 mharc
- (iv) (a) An sásamh croí a bhain an t-údar as focail Hawthorne = 3 mharc
(b) Dhá chosúlacht idir Vermont 1835 agus Éire inniu = 4 mharc
- (v) (a) An fáth a dtugtar “príomhchathair Iarthar an hÉireann” ar Bhoston = 3 mharc
(b) An chomhairle a thugtar dúinn i gcás na n-inimirceach = 4 mharc

$$3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 = 35 \text{ mharc.}$$

[Gaeilge lochtach: 0 – 3 mharc a bhaint den iomlán a ghnóthaíodh.]

[I gcás A agus B, gearrfar pionós má thugtar eolas nach mbaineann le hábhar.]

Nóta: Taispeánfar ar na scrípteanna na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú agus as na freagraí a bheith ina bhfocail féin acu. Taispeánfar san ionad cuí ar na scrípteanna freisin na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar eolas nach mbaineann le hábhar.

Ealaín in Aghaidh an Chéasta

- 1 (a) Cén aidhm a bhí leis an taispeántas seo? (Alt 1) (3 mharc)
(2+1) pointe amháin

“Ba é an aidhm a bhí leis poiblíocht a thabhairt don choimhlint atá ar siúl ar son cearta daonna ar fud an domhain”

Bhí an taispeántas seo ag iarraidh aird an phobail a tharraingt ar an dtroid ar son cearta daonna timpeall na cruinne.

- 1 (b) Cén rud atá suntasach faoin taispeántas seo? (Alt 1)(4 mharc)
(3+1) pointe amháin

“Chroch Block na portráidí de na laochra agus de na gnáthdhaoine seo taobh le portráidí de na deachtóirí a mharaigh agus a chéas iad”.

Is gá “na daoine a céasadh” agus “na daoine a chéas iad” a lua sa fhreagra.

- Má fhágtar dream amháin ar lár (1marc)
- Chroch Tom Block na pictiúirí éagsúla taobh lena chéile (2+1)

Chroch Tom Block na pictiúir éagsúla taobh lena chéile, portráidí de na daoine a d’fhulaing ar láimh amháin, idir ghnáthdhaoine agus dhaoine mór le rá, agus na ceannairí ba chúis lena bhfulaingt.

2. (a) Cén fáth gur príosúnach í San Suu Kyi le fiche bliain anuas ? (Alt 2)
(3 mharc)
(2+1) pointe amháin

“D’éiligh sí cearta daonna agus daonlathas dá tír nuair a ghabh an t-arm cumhacht sa tír sin i 1988. Sa bhliain chéanna sin, mar cheannaire ar ghluaiseacht na saoirse sa tír, d’eagraigh sí oll-léirsiú ar son na saoirse”.

Is príosúnach í San Suu Kyi mar chuir sí in aghaidh an airm nuair a ghabh sé cumhacht sa tír sin i 1988. Lorg sí cearta daonna agus guth don phobal agus thosaigh sí ag agóidíocht ar son na saoirse. D’eagraigh sí cruinniú mór ag éileamh na rudaí sin, cruinniú a cuireadh faoi chois.

- 2 (b) Cén tionchar a bhí ag eachtraí 9/11 ar an tacaíocht a thug an tIarthar do chás Suu Kyi? (Alt 2) (4 mharc) (3+1) pointe amháin

“Bhí namhaid níos fíochmhaire anois le cloí ag rialtas Mheiriceá agus cúis níos práinní le cur chun cinn acu; cailleadh suim i gcás Suu Kyi agus sa deachtóireacht i mBurma”

- Cailleadh suim i gcás Suu Kyi (3+0)
- “Ach ansin tharla tubaiste 9/11...a d’fhógair Meiriceá ina dhiaidh”(0)
- Tharla tubaiste 9/11.....i mBurma. (3+0)
- Ach ansin tharla tubaiste.....i mBurma. (3-1+0)

3. (a) Cad atá ar siúl ag seirbhísí rúnda Mheiriceá ? (Alt 3) (3 mharc)
(2+1) pointe amháin

“Tá a gcuid seirbhísí rúnda slándála ag gabháil daoine nach bhfuil coir ar bith curtha ina leith agus á dtabhairt go campaí géibhinn rúnda”.

“Tá a gcuid seirbhísí rúnda slándála ag gabháil daoine” (1+0)

Tá tábhacht ag baint le daoine neamhchiontacha a lua chun dhá mharc a aimsiú ar eolas.

Gabhann siad daoine neamhcuróideacha agus tógann siad iad go campaí géibhinn.

- 3 (b) Cén fhianaise atá ann nach bhfuil pobal Mheiriceá ag tacú go hiomlán leis an Uachtarán Bush sna cúrsaí seo? Luaigh dhá phointe. (Alt 3)
(4 mharc)
(2+1+1)

“Chuir Seanad Mheiriceá srian le haidhm rialtas Bush príosúnaigh Guantanamo a chur ar a dtriail os comhair cúirteanna míleata ansin. Chaill páirtí Bush (na Poblachtánaigh) smacht ar an dá theach rialtais sa toghchán mí na Samhna seo caite”

Ag deireadh 2006 chuir an Seanad stop le pleananna Bush na príosúnaigh a chur ar a dtriail os comhair cúirteanna míleata. Chaill na Poblachtánaigh an toghchán don dá theach rialtais mí na Samhna seo caite.

4. (a) Cén fáth nach gcuireann daoine níos mó suime in obair Amnesty?
(Alt 4)
(3 mharc)
(2+1) pointe amháin

“Tá cuid mhór de phobal an domhain róghnóthach..... .. lasmuigh dá ndúiche féin”

- róghnóthach
- ní bhíonn an t-am acu
- aineolach
- na gréasáin náisiúnta teilifíse
- níl suim ag comhlachtaí beaga raidió agus teilifíse i gcúrsaí nuachta lasmuigh dá ndúiche féin

- 4 (b) Cén chaoi a bhfuil fórsaí Mheiriceá ag cur le fadhb na sceimhlitheoireachta dar leis an Ollamh Schabus? Luaigh dhá phointe. (Alt 4) (4 mharc)
(2+1+1)

“De bharr iompar Mheiriceá, bailíonn óglaigh isteach sna hairm sceimhlitheoireachta sa Mheán Oirthear le djihad a chur ar an Iarthar; tugann sé misneach do dheachtóirí an bhrúidiúlacht chéanna a úsáid; ní bhíonn meas níos mó ar an dlí idirnáisiúnta”.

Tá níos mó daoine ag dul isteach sna hairm sa Mheán Oirthear, agus réidh chun troid a dhéanamh in aghaidh Mheiriceá; leanann rialtóirí eile sampla Mheiriceá; tá an dlí idirnáisiúnta briste agus faoi dhímheas.

5. (a) Cén dá rud a fheictear sna portráidí dar le Tom Block? (Alt 5)
(3 mharc)
(2+1) nó (2-1+1)

“Feictear na gnéithe is fearr agus is measa den nádúr daonna sna portráidí seo; tá na bithiúnaigh chomh flúirseach céanna leis na laochra sa taispeántas seo”.

Tá an dá thaobh den nádúr daonna le feiceáil sna pictiúir seo, an taobh maith agus an taobh olc.

Bain marc den eolas muna bhfuil an dara rud luaite. (2-1+1)

- 5 (b) Cén cheist a théann go smior? (Alt 5) (4 mharc)
(3+1) pointe amháin

“Maidir leis an Uachtarán Bush, an laoch é atá ag cosaint na saoirse nó bithiúnach é atá ag brú cearta daonna faoi chois?”

- Maidir leis an Uachtarán Bush(0marc)
- an laoch é Bush? (1+0)
- an laoch éBush atá ag cosaint na saoirse?(2+0)
- an bithiúnach é Bush?(1+0)
- an bithiúnach é Bush atá ag brú cearta daonna faoi chois (2+0)
- Cén sort duine é George Bush?(3-1+1)

An duine maith é Bush atá ag cosaint na saoirse, nó an drochduine é atá ag sárú cearta daonna?

Suimigh na marcanna do 2A(35) =

Déan cinneadh faoin nGaeilge: luide (0-3) =

Iomlán na marcanna 2A (35) =

Ag Foghlaim ó Mheiriceá.

1. (a) Cén t-ábhar a bheidh á phlé ag an údar leis na príosúnaigh ? (Alt) (3mharc)
gan ionramháil

- Cúrsaí scríbhneoireachta. (3m)
- Litríocht na hÉireann. (3m)
- Cúrsaí a bhaineann le hÉirinn. (3m)

“Tá mé féin agus mo chara taistil anseo inniu le seisiún comhrá a bheith againn le scata príosúnach a bhfuil spéis ar leith acu i gcúrsaí scríbhneoireachta”. (3-1)

Tá athrú pearsa á lorg.

1.
(b) Cén léargas a thugann an nath “aonad smachtúcháin” ar mheon na Meiriceánach? (Alt 1) (4 mharc) (3+1)

“Tá slí ag na Meiriceánaigh chun an chealg a bhaint as an saol le focail”.

“Aonad oscailte go maith.....i gcaint na Stát Aontaithe”. (0m)

D’fhéadfaí leas a bhaint as an abairt seo chun cleasaíocht focal na Méiriceánach a leiriú.

Tá na Meiriceánaigh go maith ag cur síos ar rudaí, go speisialta rudaí diúltacha; tá bealach acu leis an olc a bhaint as rud leis an téarma a thugann siad air.

2. (a) Conas a léiríonn na príosúnaigh go bhfuil siad éirimiúil? (Alt 2) (3 mharc)
(2+1)

“Tugaim faoi deara ar a gcuid ceisteanna go bhfuil éirim agus tuiscint neamhchoitianta ag cuid acu, géarchúis institiúideach nach scaoileann faic liom. Léann siad an t-uafás litríochta. Ní thugann siad a gcuid ama ag stánadh ar an teilifís, ag ligean dá meon titim chun feola. Is maith leo éisteacht le dánta i dteangacha iasachta. Is maith leo go léifí dóibh iad os ard agus na fuaimthonnta teanga á ngabháil chucu acu”

“Tugaim faoi deara ar a gcuid ceisteanna go bhfuil éirim agus tuiscint neamhchoitianta ag cuid acu” (2+0)

Muna bhfuil athrú pearsa ná ionramháil déanta ná gearr pionós faoi dhó.

Cuireann siad ceisteanna ciallmhara; ní scaoileann siad rud ar bith leis an údar; léann siad litríocht; ní chaitheann siad am ag féachaint ar an teilifís; is breá leo a bheith ag éisteacht le dánta i dteangacha iasachta.

2.(b) Cén fáth nach bhfuil an t-údar sásta breith a thabhairt ar na príosúnaigh? Luaigh dhá phointe. (Alt 2) (4 mharc)

(2+1+1)

“Ní haon phioc de mo ghnó é a fháil amach. Nach cuma ar deireadh cad a rinne said. Táimid faoin aon díon amháin istigh sa seomra seo, faoin aon díon amháin amuigh sa saol mór, agus ceangal na daonnachta eadrainn dá dtuigfimis i gceart é”.

Ní hé a ghnó é; ní bhaineann sé leis; bainimid ar fad leis an gclann céanna; is daoine daonna ar fad sinn.

“Agus mé ag fágáil...” (-1m) iomarcach

3. (a) Cén rian a d’fhág na hÉireannaigh ar an gceantar timpeall ar Loch Champlain? (Alt 3) (3 mharc) gan ionramháil

Thóg said an bóthar iarainn seo i lár na 1830í

Thóg siad an bóthar iarainn sa cheantar sin.

3. (b) Luaigh dhá rud mhaslach a bhí ag Hawthorne ina chur síos in 1835 ar na hÉireannaigh sa cheantar seo. (Alt 3) (4 mharc)

(2+1+1)

“Cuireann said fúthu i mbotháin shuaracha nó bíonn siad ag fálróid go leisciúil timpeall ar shráideanna na cathrach. Brúnn siad as a mbealach ár ndúchasaigh féin san iomaíocht faoi gach aon saghas obair sclábhaíochta... Is mó is suim leo an t-uisce beatha ná an bia féin lena gclann a chothú”

Bhí droch choinníollacha maireachtála acu; Leisceoirí; ag goid postanna ó na dúchasaigh; druncaeirí.

4. (a) Cén ‘sásamh croí’ a bhain an scríbhneoir as focail Hawthorne? (Alt 4)
(3 mharc)
(2+1)

“Is sásamh croí dom go raibh siad sona agus go raibh cuma na sláinte orthu agus iad amuigh ag aeraíocht dóibh féin”.

Bhí siad sona sásta, agus bhí siad sláintiúil agus iad ag fánaíocht timpeall.

Muna bhfuil athrú pearsa ná ionramháil déanta ná gearr pionós faoi dhó.

- 4(b) Cén chosúlacht a fheiceann an t-údar idir Vermont 1835 agus Éire an lae inniu? Luaigh dhá phointe. (4 mharc)
(2+1+1)

“In Éirinn inniu tá inimircigh ag brúctaíl isteach trí na haerfoirt agus trí na calafoirt ó Oirthear na hEorpa agus ón Afraic ag iarraidh slí bheatha a fháil dóibh féin. An bhfuil breith á tabhairt orthu mar a thug Hawthorne ar ár muintir fadó in Vermont? An bhfuil na smaointe diúltacha, naimhdeacha céanna fúthu inár n-aighe againn is a bhí ag Hawthorne faoi na Gaeil fadó?”

Tá inimircigh ag teacht isteach anseo ina sluaite mar a tharla i Vermont i 1835; tá siad ag lorg malairt saoil, an bhfuil daoine ag caitheamh anuas orthu agus ag fáil locht orthu in Éirinn inniu mar a tharla i Vermont an t-am sin?

5.
(a) Cén fáth, dar leat, a dtugann an t-údar “príomhchathair Iarthar na hÉireann” ar Bhoston?

Tá a lán Éireannach ina gconaí ann.

[Ná glac leis an dara abairt in Alt 5]

5.
(b) Cén chomhairle a chuireann an t-údar orainn i gcás na n-inimirceach in Éirinn?

“Is é an dúshlán dúinn anois agus muid beo i ré an tsaibhris agus an rachmais ná caitheamh go cóir agus go cothrom leo siúd a lorgáíonn slí bheatha inár measc”.

Tá an tír seo go maith as anois; táimid saibhir; is ceart dúinn mar sin a bheith cothrom leis na hinimircigh a thagann anseo ag lorg oibre.

Ná bain marc den nGaeilge muna bhfuil ionramháil déanta anseo.

Suimigh na marcanna do 2B(35)	=
Déan cinneadh faoin nGaeilge: luide(0-3)	= _____
Iomlán na marcanna 2B(35)	=
Iomlán na marcanna 2A(35)	= _____
Ceist 2(70)	=

Páipéar II (180 marc)

CEIST 1

- PRÓS -

40 marc

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).

A - PRÓS AINMNITHE - (40 marc)

- (a) “Léiríú cumasach ar shaol uaigneach na mná óige” ...déan plé air sin.
(An Bhean Óg) Ionramháil Ábhair = 22 mharc

Nó

An chaoi a ndéantar léiriú ar thréithe an tréadlia ...déan plé air sin.
(Coileach Ghleann Phódraig) Ionramháil Ábhair = 22 mharc

- (b) Páirt ag an mBás sa scéaldéan plé air.
(An Cearrbhach Mac Cába) Ionramháil Ábhair = 13 mharc

Nó

Sampla maith de scéal béaloidis é an scéal seo.....plé air sin.
(An Cearrbhach Mac Cába) Ionramháil Ábhair =13 mharc

Cumas Gaeilge - (a) agus (b) le chéile = 5 mharc

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Tréithe duine de na carachtair – déan plé air sin.
(Gearrscéal)
Teideal an scéil agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 22 marc

Nó

Príomhcharachtar ... agus mar a leirítear an fhorbairt air
(Úrscéal)
Teideal an úrscéil agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 22 marc

- (b) Tábhacht duine de na carachtair i bhforbairt an scéil.....léiriú air sin.
(Scéal Béaloidis)
Teideal an scéil bhéaloidis Ionramháil Ábhair = 13 marc

Nó

Plé ar scéal béaloidis mar shampla den saghas sin litríochta
(Scéal Béaloidis)
Teideal an scéil bhéaloidis. Ionramháil Ábhair = 13 marc

Cumas Gaeilge - (a) agus (b) le chéile = 5 marc

C. 1(Prós Ainmnithe nó Prós Roghnach) = 40 marc (22 + 13 + 5)

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 22 (Ábhar) agus as 13 (Ábhar) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.
Ní bhronnfar marcanna ar theidil/ainmneacha údar a lua ach bainfear marcanna mura luaitear iad.

[(a)(i) nó (a)(ii) nó (b)(i) nó (b)(ii) le déanamh as A nó B nó C nó D]

{ <u>Ionramháil Ábhair</u>	= 35 mharc}
{ <u>Cumas Gaeilge</u>	= 5 mharc}

C.2: 35 + 5 = 40 marc

C.2 (Próstéacs Breise) = 40 marc(35 + 5)

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 35 (Ábhar) agus an marc as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Freagair A (Filíocht Ainmnithe) **nó** B (Filíocht Roghnach) **agus** freagair C (Dánta Dualgais Breise).

A	- FILÍOCHT AINMNITHE -	(35 mharc)
---	------------------------	------------

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a)

(i) Codarsnacht idir dhá ghné de shaol an fhile
(Faoiseamh A Gheobhadsa) = 11 mharc

(ii) Úsáid as ceann de: an t-atmaisféar; athrá; friotal; íomhánna
(Faoiseamh A Gheobhadsa) = 6 mharc

(Ionramháil Ábhair) = 17 marc

Nó

(i) Cuimhní an fhile ag cur le géire na mothúchán. Déan plé air sin.
(Jack) = 11 mharc

(ii) Léiriú sa dán ar shaol na tuaithe: trácht gairid
(Jack) = 6 mharc
Ionramháil Ábhair = 17 marc

(b) Léiriú ar an gcodarsnacht idir an chathair agus an tuath
(Níl Aon Ní) = 13 mharc

Nó

Trácht gairid ar an úsáid a bhaintear as dhá cheann díobh seo:
Rithim na cainte; aidiachtaí; dathanna; fuaimeanna:
(Níl Aon Ní) = 13 mharc

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a)

- (i) An láimhseáil ar ghné amháin d'ábhar an dáin = 11 mharc
(Dán nua-aimseartha le fear.)

(Teideal an dáin agus ainm an fhile).

- (ii) Trácht ar théama amháin agus mar a chuaigh sé i bhfeidhm ort = 6 mharc

= 17 marc

Nó

- (i) Trácht ar an mothúchán is láidre agus ar a léiriú = 11 mharc
(Dán nua-aimseartha le bean)

(Teideal an dáin agus ainm an fhile.)

- (ii) Chomh hoiriúnach is atá an teideal don téama = 6 mharc

= 17 marc

(b)

- Dán nua-aimseartha le bean agus nár roghnaíodh thuas:
Plé ar an téama agus mar a dhéanann an file léiriú air sin. = 13 mharc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

Nó

- Dán nua-aimseartha le bean agus nár roghnaíodh thuas.
Trácht ar úsáid dhá cheann díobh seo: rithim na cainte, aidaichtaí,
dathanna, fuaimanna = 13 mharc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

NÓTA: I gcás an chúrsa roghnaigh, gearrtar pionós 1 mharc amháin mura luaitear ainm an tsaothair/ dáin nó ainm an údair más ann dó.

C (35 mharc)

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

(a)

(i) Plé ar úsáid as íomhánna na Críostaíochta sa dán (Maigdiléana) = 17 marc

(ii) Mínigh na línte = 5 mharc

(iii) Dhá phointe faoin atmaisféar = 8 mharc

Ionramháil Ábhair = 30 marc

(b)

(i) Léiriú ar an mbrón agus ar an mbród sa dán (Úirchill a' Chreagáin) = 17 marc

(ii) Mínigh na línte = 5 mharc

(iii) Nóta ar an mheadaracht agus é léirithe i véarsa = 8 marc

Ionramháil Ábhair = 30 marc

Cumas Gaeilge (A nó B agus C le chéile) = 10 marc

C.3 = 70 marc

C. 3A (Filíocht Ainmnithe) nó 3B (Filíocht Roghnach)
agus 3C(Dánta Dualgais Breise) = 70 marc (30+ 30 + 10)

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 17 (Ábhar) agus as 13 (Ábhar) agus as 30 (Ábhar) agus as 10 (Gaeilge) a thaispeáint sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

Ceist 4

- STAIR -

30 marc

Dhá cheann le déanamh as (a), (b), (c), (d), (e), (f).

13 + 12 (Eolas) móide 5 mharc ar an gCumas Gaeilge (sa dá cheann le chéile)
 = 30 marc.

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir Cúnta an marc a bhronntar as 25 (Eolas) agus an marc a bhronntar as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

CLUASTUISCINT (100 marc)

- (i) Tuiscint = 90 marc
- (ii) Cumas Gaeilge = 10 marc
- (iii) Iomlán = 100 marc

Cuid A: 30 marc (Eolas)

Fógra 1: $2 \text{ mharc} \times 5$ = 10 marc

Fógra 2: $2 \text{ mharc} \times 5$ = 10 marc

Fógra 3: $2 \text{ mharc} \times 5$ = 10 marc

$10 + 10 + 10$ = 30 marc

Cuid B: 40 marc (Eolas)

Comhrá 1: $2 \text{ mharc} \times 6$ = 12 mharc

Comhrá 2: $2 \text{ mharc} \times 8$ = 16 mharc

Comhrá 3: $2 \text{ mharc} \times 6$ = 12 mharc

$12 + 16 + 12$ = 40 marc

Cuid C: 20 marc (Eolas)

Píosa 1: $2 \text{ mharc} \times 3$ = 6 mharc

Píosa 2: $2 \text{ mharc} \times 4$ = 8 marc

Píosa 3: $2 \text{ mharc} \times 3$ = 6 mharc

$6 + 8 + 6$ = 20 marc

Triail Chluastuisceana: 2007.

45 fhocheist * 2 = 90 + 10 (Gaeilge) = 100 marc.

Cuid A Fógra a haon

1. (a) Cén dáta...?

An chéad lá de mhí Iúil = 2 1 Iúil = 2 1/7 = 2 Mí Iúil = 1 An chéad lá = 0
Satharn = 0 Satharn an chéad lá = 0

(b) Cén t-ainm a bheidh ar...?

Pop a ceathair an tsamhraidh = 2 Pop 4 an tsamhraidh = 2
Pop a ceathair = 1 Pop an tsamhraidh = 1 An tsamhraidh = 0

2. Cén rud difriúil...?

Ó áiteanna difriúla ar fud na tíre = 2 áiteanna ar fud na tíre = 2
áiteanna difriúla = 1 áiteanna sa tír = 2 áiteanna = 0

3. (a) Cén áit óna gcraolfar...?

Cathair Luimnigh = 2 Luimneach = 2 Luimnigh = 2 Luimní = 2 TG4 = 0

(b) Luaigh rud amháin ...

Na fiseáin is fearr = 2 40 singil is coitianta = 2 40 singil is fearr = 2
fiseáin = 1 40 singil = 1 singil = 1 popcheol = 1

Fógra a dó

1. Cá háit a seolfaidh an Taoiseach...?

Páirc an Chrócaigh = 2

2. (a) Cé atá i bpáirt le TG4...?

Cumann Peile na mBan = 2 Cumann Peile = 1

Cumann na mBan = 0 Peil na mBan = 0

(b) Luaigh rud amháin a dhéanann...

Urraíocht = 2 Craoladh beo ar na cluichí ceannais agus leathcheannais = 2
Craoladh beo ar na cluichí ceannais = 2 Craoladh beo ar na cluichí leathcheannais = 2
An spórt a chur chun cinn = 2 craoladh beo = 1 craoladh = 0

3. (a) Cén post atá ag...?

Ceannasaí TG4 = 2 Ceannaire TG4 = 2 ag obair le TG4 = 1 ceannasaí = 1
ceannaire = 1 TG4 = 0

(b) Cé mhéad duine...?

Trí chéad míle = 2 300,000 = 2

Fógra a trí

1. Cé dóibh na ranganna...?

Daoine fásta = 2 Glantosaítheoirí = 2 Daoine ar bheagán Gaeilge = 2 Daoine le
Gaeilge réasúnta líofa = 2

2 (a) Luaigh dream amháin...

Glantosaítheoirí = 2 Daoine ar bheagán Gaeilge = 2 Daoine le Gaeilge réasúnta
líofa = 2 daoine fásta = 2

(b) Cé mhéad uair a chloig...?

24 = 2 fiche ceathair = 2

3. (a) Cén táille...?

€200 = 2 200 Euro = 2 200 = 2

(b) Ca bhfuil eolas le fáil...?

www.ranganna.com = 2 01 675 36 58 = 2 sa bhróisiúr = 2

Cuid B

Comhrá a haon

An Chéad Mhír

1. Cén t-am den bhliain...?

An chéad Satharn de mhí an Mheithimh = 2 Mí an Mheithimh = 2 Meitheamh = 2
an samhradh = 2 an chéad Satharn = 0

2. Cé uaidh a fuair...? Uncail = 2

3. Cén fáth ar ócáid stairiúil...?

Cluiche sacair i bPáirc an Chrócaigh = 2 Poblacht na hÉireann agus An Spáinn ag imirt i bPáirc an Chrócaigh = 2

An Dara Mír

1. Cén fáth ar lorg Cumann Lúthchleas Gael...?

Na costais arda a bhí orthu an staid a thógáil = 2 staid nua a thógáil = 2 Is leo Páirc an Chrócaigh = 2 na costais arda = 1 Páirc an Chrócaigh a thógáil = 0

2. (a) Cé mhéad airgid...?

25 milliún = 2 25,000,000 = 2 25 = 0 25 billiún = 0

(b) Cén toradh a bheidh...?

Cabhraíonn leis an spórt a chur chun cinn sa tír = 2
Cabhraíonn leis an spórt = 1

Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

1. Cén fáth a bhfuil sé deacair...?

Ag léamh leabhar gan stad = 2 ag léamh leabhar = 1 ag léamh úrscéil = 1 ag léamh Lámh Láidir = 1 ag léamh leabhair le Joe Steve Ó Neachtain = 1 ag léamh = 1

2. Cén leabhar atá á léamh...?

Lámh Láidir = 2 Leabhar le Joe Steve Ó Neachtain = 1 úrscéal = 0

3. (a) Cén saghas leabhar...?

Taisteal = 2 tástáil = 0 teastáil = 0

(b) Cén t-ábhar is fearr...?

Cur síos ar an gcaidreamh idir fir is mná = 2 leabhair faoi fhir is mná = 1 ábhar mar an grá, an brón, nó an díoltas = 2 an grá = 2 an brón = 2 an díoltas = 2 caidreamh = 1

An Dara Mír

1. Cén t-eolas ata le fáil...?

Eolas ar áiteanna suimiúla agus ar chultúir éagsúla ar fud an domhain = 2

áiteanna suimiúla = 2 cultúir éagsúla ar fud an domhain = 2 cultúir ar fud an domhain = 2 cultúir éagsúla = 2 cultúir = 1 áiteanna = 1

2. (a) Cad a bhíonn a lorg...?

Eolas = 2

(b) Cad a deir Niamh faoin...?

Na hairí is fearr sa rialtas = 2 na daoine is fearr = 2 na mná is fearr = 0 is fearr = 0

3. Cén rud a tharlóidh...?

Bean mar thaoiseach = 2


Comhrá a Trí

An Chéad Mhír

1. (a) Cén rud a chuireann iontas...?

An méid daoine ag dul go dtí an phictiúrlann = 2 daoine ag dul go dtí an phictiúrlann = 0

(b) Luaigh dhá áis bhreátha



Aire! 1 + 1

Siopa caife = 1 bia de gach saghas = 1 suíocháin chompordacha = 1 córas iontach fuaimne = 1 bia = 0 córas fuaimne = 0 síocháin = 0

2. Cén fáth nach féidir...?

An scáileán róbheag = 2 an pictiúr róbheag = 2 an scannán róbheag = 0 an scáthán róbheag = 0

An Dara Mír

1. Luaigh dhá rud a deir...?

Aire! 1 + 1

Seiteanna móra = 1 a lán daoine = 1

2. Cad a dhéanann scannán maith...?

Scéal maith = 2 scéal = 1

2

3. Cad a tharlaíonn do Mháire...?

Titeann sí ina codladh = 2

Cuid C

Píosa a hAon

1. Cad a d'aistrigh...?

Dánta grá Shakespeare = 2 dánta Shakespeare = 1 dánta grá = 1 dánta = 0

2. (a) Cén post...?

Múinteoir meánscoile = 2 múinteoir = 1

- (b) Cén t-Aire a sheol an leabhar?

An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta = 2 Aire Gnóthaí Pobail = 1

Aire Tuaithe = 1 Aire na Gaeltachta = 1 Éamon Ó Cuív = 2

Píosa a Dó

1. Cén foirgneamh...?

Músaem = 2 Museum = 2 Iarsmalann = 2

2. Luaigh rud amháin...?

An spás geal taitneamhach = 2 an spás geal = 2 an spás taitneamhach = 2 an spás = 1

3. (a) Cá raibh dealbh Phádraig Uí Chonaire...?

An Fhaiche Mhór i lár na cathrach = 2 An Fhaiche Mhór = 1 lár na cathrach = 1
sa chathair = 0

(b) Cén bhaint ata ag...?

Cheadaigh sé an t-airgead sa bhliain 1996 nuair a bhí sé ina Aire Ealaín = 2
Cheadaigh sé an t-airgead = 2 Thug sé an t-airgead = 2 Is é an Teachta Dála don
cheantar = 0

Píosa a Trí

1. Cén saghas báid...?

Húicéir = 2 bád seoil = 2

2. Cé mhéad míle slí...?

Ceithre mhíle cúig chéad = 2 4,500 = 2

3. Cé mhéad duine...?

Cúigear = 2 5 = 2

Triail Chluastuisceana: Téipscript 2007

Cuid A

Fógra 1

Cuirfear tús le clár nua ar TG4 ar an gcéad lá de mhí Iúil. Pop 4 an tSamhraidh an t-ainm a bheidh air. Beidh an clár seo ar siúl ar a cúig a chlog tráthnóna, gach Satharn. Beidh an clár ag freastal ar an tsuim atá ag daoine óga sa phopcheol nua-aoiseach idirnáisiúnta. Rud amháin atá difriúil faoin gclár ná go dtiocfaidh sé ó áiteanna difriúla ar fud na tíre. Craolfar an chéad chlár ó chathair Luimnigh. Beidh na físeáin is fearr agus an 40 singil is coitianta á seinm le linn na gclár.

Fógra 2

Seolfaidh an Taoiseach bróisiúr eolais faoi Chraobh Pheile na mBan i bPáirc an Chrócaigh an Satharn seo chugainn. Tá Cumann Peile na mBan agus TG4 i bpáirt lena chéile arís i mbliana san fheachtas seo chun an spórt seo a chur chun cinn. Déanann TG4 urraíocht ar an gcomórtas seo agus déanann siad craoladh beo ar na cluichí leathcheannais agus ar na cluichí ceannais. Dar le Pól Ó Gallchóir, Ceannasaí TG4, beidh trí chéad míle duine ag féachaint ar na cluichí sin in 2007.

Fógra 3

Seo fógra ón gcomhlacht “Gaelchultúr”, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2. Beidh ranganna Gaeilge do dhaoine fásta ag tosú ann i mí na Bealtaine. Beidh na ranganna ar siúl ar an Déardaoin agus ar an Aoine, óna seacht go dtí a deich. Trí leibhéal ranganna a bheidh ann, ceann do ghiantosaitheoirí, ceann eile do dhaoine a bhfuil beagán Gaeilge acu, agus an tríú ceann do dhaoine a bhfuil Gaeilge réasúnta líofa acu. Beidh 24 uair an chloig teagaisc sa chúrsa ar fad ag gach leibhéal, agus beidh táille €200 le híoc as na ranganna. Tá bróisiúr agus eolas le fail ó www.ranganna.com nó ar an bhfón ag (01) 675 36 58.

Cuid B

Comhrá 1

Pádraig: Tomhais cá mbeidh mise ag dul an chéad Satharn de mhí an Mheithimh, a Eithne?

Eithne: Níl tuairim agam a Phádraig. Abair liom é!

Pádraig: Go Páirc an Chrócaigh, mar fuair mé dhá thicéad inné ó m’uncail don chluiche idirnáisiúnta sacair a bheidh ar siúl ann

Eithne: Ó, is cuimhin liom anois é. Beidh Poblacht na hÉireann agus an Spáinn ag imirt an lá sin nach mbeidh?,

Pádraig: Beidh go deimhin, a chailín. Ócáid stairiúil í, cluiche sacair i bPáirc an Chrócaigh, ... agus beidh mise i láthair.

.....

Eithne: Bhuel, a Phádraig, dar liomsa tá sé ceart agus cóir go mbeadh an sacar á imirt i bPáirc an Chrócaigh. Ach an táille a bheidh le híoc ag Cumann Sacair na hÉireann, tá sí ró-ard.

Pádraig: Tá an ceart ag Cumann Lúthchleas Gael táille ard a lorg, a Eithne. Féach na costais arda a bhí orthu an staid nua a thógáil i bPáirc an Chrócaigh.

Eithne: Nár thug an Rialtas 25 milliún euro dóibh leis sin a dhéanamh ar choinníoll go mbeadh an staid ar fáil do chluichí rugbaí agus sacair?

Pádraig: Ó, níl fhios agam an bhfuil an tuairim sin agat ceart, a Eithne. Ach is cinneadh é a chabhraíonn leis an sport a chur chun cinn sa tír.

Eithne: Aontaím leat ansin, a Phádraig. Cinneadh maith a bhí ann agus gan amhras cabhróidh sé le leas an spóirt sa tír. Bhuel, tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as an gcluiche, agus go mbeidh an bua ag Éirinn.

Comhrá 2

Liam: Is deacair focal a fháil asat na laethanta seo, a Niamh. Bíonn tú ag léamh leabhar gan stad.

Niamh: Bhuel, a Liam, ní féidir liom an t-úrscéal seo, Lámh Láidir, le Joe Steve Ó Neachtain, a chur síos. Tá sé iontach! Nach maith leatsa leabhar maith a léamh?

Liam: Ó, is maith cinnte, a Niamh, ach is fearr liomsa leabhair faoin taisteal ná aon saghas eile.

Niamh: Níl aon suim agamsa i leabhair mar sin, a Liam; is breá liomsa cur síos ar an gcaidreamh idir fir is mná sna leabhair a léimse, ábhar mar an grá, an brón nó an díoltas, mar shampla.

-
- Liam: Déanann scannáin nó drámaí léiriú níos fearr ar an gcaidreamh idir fir is mná, dar liomsa, a Niamh. Ach na leabhair thaistil anois, tugann siad eolas iontach dúinn ar áiteanna suimiúla agus ar chultúir éagsúla ar fud an domhain.
- Niamh: Eolas, eolas, eolas. Sin a bhíonn á lorg ag na fir i gcónaí, ach is beag úsáid a bhaineann siad as le fadhbanna a réiteach, sa pholaitíocht ar aon nós.
- Liam: An bhfuil tú ag rá mar sin a Niamh, go bhfuil na mná níos fearr ná na fir sa pholaitíocht? Cén fáth mar sin nach bhfuil níos mó ban sa Dáil?
- Niamh: Bhuel, tá sé sin ag athrú a bhuachaill; sa rialtas deireanach mar shampla, bhí an triúr ban ar na hairí is fearr a bhí ann; agus cinnte beidh bean mar thaoiseach againn anseo in Éirinn go luath.
- Liam: Ag brionglóidigh atá tú anois, a chailín; sin a tharlaíonn nuair a chaitheann tú an iomarca ama ag léamh úrscéalta.

Comhrá 3

- Máire: Cuireann sé iontas orm an méid daoine a théann go dtí an phictiúrlann na laethanta seo, a Shéamais.
- Séamas: Ní haon iontas é sin, a Mháire. Féach na háiseanna breátha atá sna pictiúrlanna anois, siopa caife, bia de gach saghas, suíocháin chompordacha, gan trácht ar an gcóras iontach fuaimne.
- Máire: Sea, a Shéamais, ach nach mbíonn gach scannán ar fístéip nó ar dlúthdhiosca anois, agus bíonn teilifíseáin bhreátha ag daoine ina seomraí suite féin.
- Séamas: Á, a Mháire, éist liom; ní féidir taitneamh ceart a bhaint as scannán nua-aimsire ar an teilifís. Bíonn an scáileán róbheag.

-
- Máire: Seafóid, a Shéamais. Is ag caint faoi scannáin mar Troy nó Titanic atá tusa anois, scannáin a mbíonn seiteanna móra iontu agus a lán lán daoine páirteach iontu.
- Séamas: Ach bíonn an chuid is mó de na scannáin nua-aimseartha mar sin, a Mháire, agus ní féidir leis an teilifís a gceart a thabhairt dóibh ar chor ar bith.
- Máire: Ní aontaím leat ar chor ar bith, a Shéamuis. Is é an scéal maith a dhéanann an scannán maith i gcónaí, dar liomsa, agus is cuma cén áit a dtaispeántar iad, ar an teilifís nó sa phictiúrlann.
- Séamas: Cén fáth mar sin, a Mháire, a dtiteann tusa i do chodladh nuair a bhíonn ceann acu sin ar an teilifís?
- Máire: Ní fíor sin, a Shéamais. Is iad na scannáin a mbíonn suim agatsa iontu a chuireann i mo chodladh mé agus sin é an bua is mó atá acu!

Cuid C

Píosa 1

Seoladh leabhar an-spéisiúil le déanaí in óstán Bloomfield sa Mhuileann gCearr. “Rotha an Ghrá” is teideal don leabhar. Aistriúchán ar dhánta grá Shakespeare atá sa leabhar seo. Ba é Muiris Sionóid a rinne an t-aistriúchán. Múinteoir meánscoile atá amuigh ar pinsean is ea Muiris. Ba é an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a sheol an leabhar. Chomh maith leis sin mhol an file mór Gaeilge, Máire Mhac a’ tSaoi, an leabhar as an saibhreas Gaeilge atá inti.

Píosa 2

D’oscail Méara na Gaillimhe, an Comhairleoir Nollaig Ó Brolacháin, Músaem breá nua sa chathair sin le déanaí. Mhol gach duine a bhí i láthair an spás geal taitneamhach san fhoirgneamh nua seo. Tugadh suntas ar leith don dealbh de Phádraic Ó Conaire a bheidh sa mhúsaem feasta. Bogadh an dealbh ón bhFaiche Mhór i lár na cathrach go dtí an músaem nua. Ba é Micheál D. Ó hUiginn, Teachta Dála ón gceantar, a cheadaigh an t-airgead don mhúsaem nua sa bhliain 1996, le linn dó a bheith ina Aire Ealaíon.

Píosa 3

Bhí slua mór i láthair le déanaí ag cé Leitir Móir ar chósta Chonamara le fáilte abhaile a chur roimh an bád seoil An Naomh Bairbre. Húicéir is ea an bád seoil seo, a thóg Pat Joyce in Chicago. Rinne an húicéir turas 4,500 míle slí ó Chicago trí lochanna móra Mheiriceá trasna an Atlantaigh go cé Leitir Móir i gConamara. Cúigear fear an fhoireann a bhí ar an mbád, Pat Joyce é féin ina measc mar scipéir ar an turas fada seo.

Tugadh an treoir seo a leanas do na scrúdaitheoirí ar fad:

Níor mhiste do gach Príomhscrúdaitheoir Comhairleach gach a leanann seo a chur in iúl do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha. Níor mhiste do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha é seo a leanas a chur in iúl dá Scrúdaitheoirí Cúnta:

Sa chás go dtagann Scrúdaitheoir Cúnta ar script a bhaineann le hiarrthóir ar cuireadh socruithe speisialta ó thaobh scrúdaithe de ar fáil dó/di:

- níor mhór don Scrúdaitheoir Cúnta a chur in iúl dá Scrúdaitheoir Comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici;
- caithfidh an Scrúdaitheoir Comhairleach a mhíniú don Scrúdaitheoir Cúnta go bhfuil gach gné den scéim mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh mharcáil na scrípte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh.

Míneoidh an Scrúdaitheoir Comhairleach don Scrúdaitheoir Cúnta go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an scéim mharcála á cur i bhfeidhm mar is ceart ag an Scrúdaitheoir Cúnta ina leithéid de chás.

